

gaelscoil na gcloch Liath



Na Clocha Liatha
Co. Chill Mhantáin
Uimhir Rolla 20301C
Idirlíon: www.gscl.ie

Fón: (01) 2010718
Fón Póca: 086 8817632
Facs: (01) 2010717
R-Phost: oifig@gscl.ie

Polasaí Taithí Oibre agus Cleachtadh Oibre

Réamhrá:

Is ar mhaithe le, agus mar chosaint do pháistí, mhúinteoirí agus bainistíocht na scoile an polasaí seo. Deineadh an t-ábhar seo a phlé ag cruinniú foirne agus ag cruinniú Bhoird Bainistíochta le linn na bliana 2019/20 agus déanfar athbhreithniú air go rialta nó de réir mar is gá.

Uasmhéid ar líon na ndaoine atá ar chleachtadh oibre in aon scoilbhliain.

Ó thaobh scoláirí meánscoile de ní ghlactar le níos mó ná beirt ag an am céanna. Tabharfar tús áite d'iarscoláirí na scoile atá ag freastal anois ar Ghaelcholáiste. Iarrfar ar an meánscoil grinnfhiosrúchan na ndaltaí a eagrú (16 – 18 bliain d'aois).

Ó thaobh dhaoine fásta a bhíonn ag lorg taithí oibre béifear ag súil le caighdeán maith sa Ghaeilge labhartha agus scríofa uathu.

Ní ghlacfar ach le duine amháin ag an am.

Is ar bhonn aonair a mheasfar gach iarratas, ag brath ar riachtanais na scoile agus leas na bpáistí.

Sula mbeidh aon teagmháil ag duine ar thaithí oibre le páistí na scoile, déanfar an polasaí seo a phlé leo agus cinnteofar go dtuigeann siad an polasaí, nósanna imeachta na scoile agus ról na bpáirtithe go léir, iad féin san áireamh.

- 1 Tá sé de cheart ag gach múinteoir glacadh nó gan ghlacadh le hiarrathóir taithí oibre. Má ghlactar le duine is féidir críoch a chur leis an taithí oibre aon uair ach é a phlé leis an bPríomhoide ar dtús.
- 2 Am triail/Tréimhse promhaidh:
Is é aon mhí ón dáta tosnaithe an t-am triail atá i gceist. Is féidir críoch a chur le taithí oibre aon uair fiú i ndiaidh an chéad mhí. Tharlódh sé seo i gcás;
 - Iompar mí-oiriúnach.
 - Mí-shástacht mhúinteora faoin gcóras (m.s. níl sé ag cabhrú leis an rang)
 - Go leor daoine ar fhoireann na scoile chun an obair sin a dhéanamh.
 - Eolas a thiocthadh faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta i dtaobh oiriúnacht an duine.
- 3 Tá ar dhaoine ar thaithí oibre cloí leis na seomraí/ranganna atá socruithe leis an bPríomhoide. Is gá dul go dtí an clós/turas scoile, srl leis an rang/ranganna cuí.
- 4 Rúndacht:
Ní chóir féachaint ar aon cháipéisí príobáideacha sa seomra ranga ná sna seomraí stórais, agus ní cheadaítear aon rud a bhaint ón scoil. Ag cloí le Polasaí Um Chaomhnú Páistí ní chóir labhairt faoin scoil nó faoi fhoireann na scoile nó páistí scoile in aon tslí taobh amuigh den fhoirgneamh. Má bhíonn ort tuairisc/taighde a dhéanamh mar chuid den

chúrsa ní chóir ainm pháiste nó múinteora a úsáid. Moltar go ndéanfar tagairt d'aoisghrúpaí, in áit rang nó aois na bpáisti. M.Sh. páistí san aois ghrúpa:

- 4 – 6 bhliain
- 7 – 10 bhliain
- 10 – 13 bhliain

Ba chóir cóip d'aon taighde/tuairisc a chur ar fáil do Bhord Bainistíochta na scoile sula dtabharfar d'aon triú pháirtí í.

5 Páistí a smachtú:

Tá Cód Iompair ag Gaelscoil na gCloch Liath agus is é freagracht an mhúinteora amháin páistí a cheartú nuair is gá. Cinnte tá ról le h-imirt ag gach éinne i nósanna dea-iompair a spreagadh sna páistí. Mana na scoile seo na 'Mól an óige agus tiocfaidh sí'. Ba chóir do dhaoine ar chleachtadh oibre é seo a úsáid agus iad ag plé le páistí. Ba chóir gach eachtra droch-iompair a chur in iúl don mhúinteoir ranga agus ligint dó/di déileáil leis de réir polasaithe agus rialacha na scoile.

6 Bíonn an té ar thaithí oibre ag obair faoi threoir an mhúinteora ranga. D'fhéadfadh go mbeidh uaireanta ann nuair nach n-aontódh an duine leis an modh múinte, an tslí ina gcuirtear an Cód Iompair i bhfeidhm nó rudaí eile nach iad. Is gá do dhuine ar chleachtadh oibre glacadh leis gurb é/í an múinteoir an duine proifisiúnta agus go mbíonn an múinteoir ag plé leis an bpáiste ó thus deireadh na bliana. Dá bharr d'fhéadfadh eolas breise/príobháideach a bheith ag an múinteoir nach mbeadh ag an duine eile.

7 Má chloiseann an duine ar thaithí oibre líomhain nó má tá amhras air/uirthi faoi dhalta a bheith á m(h)í-úsáid ba chóir don duine sin, sa chéad áit, tuairisc ar an ábhar a thabhairt don mhúinteoir ranga agus don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) sa scoil. Is í Rita Ní Thuathail an DIA sa scoil. Sa chás nach bhfuil sí ar fáil, is í Tuala Ní Ógáin an DIA Tánaisteach.

8 Beidh ar gach duine ar thaithí oibre cloí agus tacú le héiteas Ghaelscoil na gCloch Liath. Beidh orthu Gaeilge a labhairt le páistí na scoile chomh maith le baill na foirne. Ceadáítear dóibh Béarla a úsáid chun rudaí a chinntiú le múinteoirí nuair nach féidir le páistí/cuairteoirí an comhrá a chloisteáil.

9 Ní mór do dhaoine atá ag lorg taithí oibre eolas faoi aon chás cúirte inar cúisíodh iad de bharr mí-úsáid pháistí a chur in iúl roimh ré. Beidh ar dhaoine fásta (18 & níos sine) próiseas grinnfhiosrúcháin na nGardaí a chomhlíonadh sula dtabharfar cead dóibh tosú ar thaithí oibre i nGaelscoil na gCloch Liath.

10 Socruithe lóin/asláthaireachtaí:

Ceadáítear sos 10 nóimead ceadaithe chomh maith le lón 30 nóimead ag daoine ar thaithí oibre ar feadh lae iomlán.

Eagrófar na hamanta sosa seo le linn an lae i dteannta leis an bpríomhoide agus na múinteoirí cuí. D'fhéadfaí go n-eagrófar iad taobh amuigh de na hamanta sosa is lóin atá ag na páistí, agus go n-iarrfar ar an duine ar thaithí oibre cuidiú leis na páistí ar an gclós nó le hullmhúchán ranga.

Iarrtar ar dhaoine ar thaithí oibre an scoil a chur ar an eolas a luath is féidir munar féidir leo freastal ar an scoil.

11 Poncúlacht & amanta scoile:

Tosaíonn an lá scoile ag 8:30 agus críochnaíonn sé ag 2:10. Is gá d'éinne ar thaithí oibre a bheith ar scoil sula mbualann an clog scoile ar maidin, agus ní chóir dóibh imeacht ón múinteoir lena bhfuil siad ag obair roimh 2:10 um thráthnóna.

Déanfar athbhreithniú tráthúil ar an bpolasaí seo.

Faomhaidhe ag an mBord Bainistíochta ar an 26 Feabhra 2020.

Sínithe: _____
Cathaoirleach

gaelSCOIL na gcloch Liath



Na Clocha Liatha
Co. Chill Mhantáin
Uimhir Rolla 20301C
Idirlíon: www.gscl.ie

Fón: (01) 2010718
Fón Póca: 086 8817632
Facs: (01) 2010717
R-Phost: oifig@gscl.ie

Polasaí Taithí Oibre

Dearbhú

Dearbhaim go bhfuil an polasaí seo pléite agam leis an bPríomhoide, agus go nglacaim leis go hiomlán. Tugaim cead don Bhord Bainistíochta teagmháil a dhéanamh leis na moltóirí thíosluaite nó le haon ghrúpa/eagraíocht eile gur mhian leo.

Siniú: _____

Dáta: _____

Ainm Moltóra	Uimhir Teagmhála	Seoladh & r-phost